# Oireachtas na Gaeilge

Eochairfhocail: oireachtas, Béal Feirste, canúintí, comórtas, lúibíní, agallamh beirte, gliondar croí

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1.Cén fáth a bhfuil Ultaigh sásta sa mhír nuachta seo?
2.Cén fáth a bhfuil sé suntasach go bhfuil an tOireachtas ar ais i mBéal Feirste dar le Conall Ó Máirtín?
3.Cathain a bhí Máirín Uí Chéide ag an Oireachtas den chéad uair?
4.Cad a bhuaigh Ada Ní Thuairisg agus Holly Ní Dhonncha?
5.Cad faoi a raibh an t-agallamh beirte a rinne na cailíní?
6.Cén fath a bhfuil an oiread sin áthais atá ar Mharcas Ó Murchú?
7.Cad a dúirt an Cairdinéal Ó Fiach le Marcas Ó Murchú sna hochtóidí?
8.Cén áit a bhfuil na comórtais agus na himeachtaí ar siúl ag deireadh na míre nuachta?
9.Cad a ghlaonn an tuairisceoir ar Oireachtas na Samhna ag deireadh na míre?
10. Déan taighde ar an idirlíon agus breac síos cúig imeacht a bhíonn ar siúl ag an Oireachtas gach bliain.

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta:




Seo a leanas abairtí tábhachtacha a bhaineann leis an Oireachtas. Léigh na habairtí go cúramach ar dtús ansin scríobh amach iad gan féachaint ar an gcéad cholún. Scríobh síos aon bhotúin a dhéanann tú sa cholún ar dheis.

| **Scrúdaigh** | **Breac síos** | **Cinntigh** |
|---|---|---|
| Bhí Oireachtas na Samhna ar siúl i | | |
| Thosaigh an tOireachtas ar an 29 | | |
| Bhí formhór na n-imeachtaí ar siúl san | | |
| Bhí an tOireachtas ar siúl i mBéal Feirste | | |
| Bhí canúintí éagsúla Gaeilge le cloisteáil i | | |
| Ceaptar go raibh thart ar 10,000 duine | | |
| Reáchtáladh comórtais | | |
| Bhain gach duine a bhí i láthair | | |
| Ceaptar go forleathan go raibh | | |
| Táthar ag súil cheana féin le hOireachtas na | | |

# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Bhí tú i láthair ag Oireachtas na Samhna i mBéal Feirste i mbliana. Filleann tú ar scoil agus iarrann an múinteoir ort cuntas gearr a scríobh faoin eispéireas. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

| | |
|---|---|
| daoine ag spalpadh na Gaeilge ar fud na háite | atmaisféar bríomhar, beomhar |
| idir óg agus aosta | na sluaite |
| cathair Bhéal Feirste | an Chultúrlann |
| comórtais | imeachtaí éagsúla |
| bhí na canúintí éagsúla le cloisteáil | ó gach cearn den tír |
| seastáin | taispeántais |
| díospóireachtaí | cainteanna |

# Freagraí

1.Toisc an tOireachtas a bheith ar ais i mBéal Feirste
2.Déanann sé an-difríocht ó thaobh normalú teanga de
3.Leathcheád/50 bliain ó shin
4.An chéad áit sa chomórtas lúibíní
5.Mam agus iníon, bhí an iníon ag iarraidh dul go dioscó ach ní raibh mam sásta ligean di dul ann
6.Mar tá borradh mór faoin nGaeilge feicthe aige i mBéal Feirste le tamall de bhlianta anuas
7.Gurbh é Béal Feirste príomhchathair na Gaeilge in Éirinn
8.Óstán an Europa agus ionaid eile
9.Féile mhór na nGael

